Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

# Léiriú Spéise le haghaidh Comhaltaí Nua de Choiste Comhairleach IHREC ar Ghnóthaí Míchumais: Leabhrán Faisnéise

Spriocdháta: Déardaoin, 19 Meitheamh 2025 1.00 i.n.

Tabharfaidh Osborne Recruitment faoin léiriú spéise seo thar ceann Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas.

Bealtaine 2025

# An Clár

Réamhrá agus Cúlra ..... 3

Ár gCuid Luachanna ..... 4

An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas ..... 5

Riachtanais maidir le Ballraíocht ..... 6

Modhanna oibre ..... 8

Tiomantas Ama agus Luach Saothair ..... 8

An chaoi le léiriú spéise a dhéanamh ..... 9

Modh Roghnúcháin ..... 10

Na Príomhdhátaí ..... 11

Rúndacht ..... 11

Comhdheiseanna ..... 11

Aiseolas ..... 12

## Réamhrá agus Cúlra

Is é Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas ('an Coimisiún', 'IHREC') Foras Náisiúnta na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhlacht Náisiúnta na hÉireann um an gComhionannas. Bunaíodh é i mí na Samhna 2014 faoin *Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014* le sainordú reachtúil chun:

- cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn,
- forbairt cultúr measa ar chearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát,
- tuiscint agus feasacht ar thábhacht chearta an duine agus an chomhionannais a chur chun cinn sa Stát,
- dea-chleachtas i gcaidrimh idirchultúrtha a spreagadh, caoinfhulaingt don éagsúlacht agus glacadh léi sa Stát a chur chun cinn agus meas ar shaoirse agus dínit gach duine, agus,
- oibriú i dtreo deireadh a chur le sáruithe ar chearta an duine, idirdhealú agus iompar coiscthe.

Cinneann 15 chomhalta an Choimisiúin straitéis agus beartas IHREC go neamhspleách; cheap an Ceann Stáit, an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn na comhaltaí. Léirítear sainghné shochaí na hÉireann go ginearálta i mballraíocht éagsúil an Choimisiúin.

Bíonn Stiúrthóir an Choimisiúin freagrach as ceannaireacht agus bainistíocht fhoireann agus obair IHREC de réir straitéis agus bheartais an Choimisiúin. Oibríonn foireann an Choimisiúin i sé fhoireann faoi láthair: Beartais agus Taighde, Rannpháirtíocht Straitéiseach, Dlí, Monatóireacht agus Comhlíonadh, Seirbhísí Corparáideacha agus Oifig an Stiúrthóra. Is státseirbhísigh i seirbhís an Stáit iad foireann bhuan an Choimisiúin.

Tá réimse leathan i gceist le hobair IHREC, ó oibriú ar leibhéal beartais chun athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an dlí, an bheartais agus an chleachtais a bhaineann le cearta an duine agus leis an gcomhionannas sa Stát agus laistigh de chomhlachtaí poiblí, cearta an duine agus an comhionannas a chosaint agus a chur chun cinn laistigh den chóras cúirteanna, agus oibriú le pobail agus leis an tsochaí shibhialta chun monatóireacht agus

tuairisciú a dhéanamh ar fhíorthaithí na ndaoine ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas. Is cuma má bhítear ag tabhairt aghaidh ar imní aonair, i mbun plé leis an rialtas nó le comhlachtaí poiblí ar cheisteanna beartais agus cleachtais nó ag méadú feasachta i measc an phobail ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas, is é an tasc atá romhainn sochaí chothrom agus chuimsitheach a thógáil a chosnaíonn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn agus a chuireann chun cinn iad.

## Ár gCuid Luachanna

Treoraítear an chaoi a n-oibrímid in IHREC le luachanna na hearnála poiblí agus le luachanna na heagraíochta; cuireann na luachanna sin bonn eolais faoinár n-iompar agus faoinár gcinnteoireacht aonair agus choiteann. Is iad ár gcuid luachanna:

Neamh-idirdhealú agus Comhionannas – Táimid tiomanta do thacú leis na daoine a mbíonn na constaicí is mó ina mbealach chun ceartas a bhaint amach mar chuid de chosaint chearta an duine agus comhionannais do chách.

Meas – Tógaimid meas agus iontaoibh trína aithint chomh luachmhar agus atá an méid a chuireann gach duine inár n-eagraíocht agus gach duine lena n-oibrímid lenár gcuid oibre chomh maith lena dtionscnaíocht. Agus meas againn ar an iontaoibh atá asainn, tugaimid faoinár gcuid oibre ar na caighdeáin ghairmiúla is airde.

Neamhspleáchas – Is mór againn ár neamhspleáchas agus gníomhaímid, nuair nach féidir le daoine eile é a dhéanamh i gcónaí, chun cearta an duine, comhionannas agus tuiscint idirchultúrtha a chur chun cinn. Gníomhaímid bunaithe ar fhianaise den chaighdeán is airde agus ar chinnteoireacht fhónta.

Cuntasacht – Táimid go hiomlán tiomanta do luachanna na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta don phobal agus don Oireachtas.

Rannpháirteachas – Aithnímid neamhspleáchas pearsanta agus féinchinntiúchán na ndaoine uile a bhfuil cearta acu agus iad siúd ar a bhfuil dualgais. Táimid tiomanta do dhearcthaí daoine eile a chloisteáil agus foghlaim uathu.

Freagrúil – Táimid freagrúil ar dheiseanna chun ár misean a chur chun cinn, agus cinntímid go dtacaíonn ár rialachas, ár n-acmhainní agus ár mbealaí oibre leis an gcur chuige sin.

Comhoibríoch – Comhoibrímid ar fud na heagraíochta agus taobh amuigh di ionas go ngníomhóimid go prap agus go héifeachtach.

## An Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas

Shínigh Éire an Coinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas ('CRPD') an 30 Márta 2007 agus daingníodh é an 20 Márta 2018. Chuir Éire a céad tuarascáil Stáit faoi bhráid Choiste na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumas i mí na Samhna 2021.

Is é an Coimisiún an Sásra Faireacháin Neamhspleách faoi Airteagal 33 de CRPD agus cheap sé Coiste Comhairleach chun cúnamh a thabhairt dó agus comhairle a chur air i dtaobh gnóthaí a bhaineann leis an bhfeidhm sin.[1]

Bhunaigh an Coimisiún a Choiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais ('an Coiste Comhairleach') i mí na Nollag 2018 chun:

a) *cúnamh agus comhairle a thabhairt don Choimisiún ar ábhar a bhaineann lena fheidhm athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar leordhóthanacht agus éifeachtacht an dlí agus an chleachtais sa Stát maidir le cosaint daoine atá faoi mhíchumas.*

b) *comhairle a chur ar an gCoimisiún maidir le comhlíonadh a róil neamhspleách monatóireachta faoi Airteagal 33 de CRPD, lena n-áirítear cosaint, cur chun cinn agus monatóireacht UNCRPD i dtaobh Ráiteas Straitéise, phlean oibre agus acmhainní infhaighte an Choimisiúin.*

[1] Ceannteideal 85 de Scéim Ghinearálta an Bhille um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) (Leasú), 2021.

Tá an Coimisiún ag iarraidh thart ar naonúr comhaltaí nua a cheapadh ar a Choiste Comhairleach faoi láthair. D'fhéadfaí painéal cúltaca a chur i bhfeidhm má thagann folúntais chun cinn i rith thréimhse na ballraíochta seo, idir 2025–2028.

Ceapfar comhaltaí an Choiste Chomhairligh, ar an gcéad dul síos, ar feadh téarma amháin de suas le trí bliana. Féadfaidh an Coimisiún, dá rogha féin, comhaltaí a athcheapadh ar feadh aon téarma amháin eile suas le trí bliana.

## Riachtanais maidir le Ballraíocht

Caithfidh tú a bheith i do chónaí in Éirinn le bheith i do chomhalta den Choiste Comhairleach.

Caithfidh gach comhalta den Choiste Comhairleach a bheith tiomanta do phrionsabail CRPD a luaitear in Airteagal 3:

- Meas ar an dínit bhunúsach, neamhspleáchas an duine aonair, lena n-áirítear an tsaoirse chun a roghanna féin a dhéanamh, agus neamhspleáchas daoine;
- Neamh-idirdhealú;
- Rannpháirtíocht agus cuimsiú iomlán agus éifeachtach sa tsochaí;
- Urraim d'éagsúlacht daoine faoi mhíchumas agus le go nglactar leo mar chuid den éagsúlacht dhaonna agus den chine daonna;
- Comhionannas deiseanna;
- Inrochtaineacht;
- Comhionannas idir fir agus mná; agus
- Urraim don chumas atá ag páistí faoi mhíchumas de réir mar a fhorbraítear iad agus meas ar cheart páistí chun a bhféiniúlacht a chaomhnú

Bíonn comhaltaí de chuid an Choimisiúin agus comhaltaí seachtracha a cheapann an Coimisiún ar an gCoiste Comhairleach. Leis na ceapacháin nua seo, méadófar líon na gcomhaltaí seachtracha ar an gCoiste go dtí 13 dhuine. Daoine faoi mhíchumas a bheidh i gceist le 75%, ar a laghad, de chomhaltaí seachtracha an Choiste, is é sin deichniúr comhaltaí. Tá an sainmhíniú ar an míchumas atá ag an gCoimisiún sa chomhthéacs seo ailínithe le hAirteagal 1 de CRPD, ina luaitear:

*Áirítear le daoine faoi mhíchumas daoine a bhfuil lagú fadtéarmach fisiciúil, meabhrach, intleachtúil nó céadfach orthu, ar lagú é, nuair a bhíonn orthu dul i ngleic le bacainní éagsúla, a d'fhéadfadh iad a chosc ar rannpháirtíocht iomlán agus éifeachtach a ghlacadh sa tsochaí ar bhonn atá comhionann le daoine eile.*

Tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún a chinntiú go léireofar le comhaltaí an Choiste Chomhairligh, a mhéid is féidir, éagsúlacht shochaí na hÉireann, lena n-áirítear éagsúlacht na ndaoine faoi mhíchumas agus go mbeidh comhionannais ionadaíochta ann idir mná agus fir.

Agus an Coimisiún ag tabhairt faoi na ceapacháin ar an gCoiste Comhairleach, féachann sé freisin lena chinntiú go bhfuil saineolas i bhforbairt agus cleachtas sna réimsí seo a leanas ag na comhaltaí:

a. Rannpháirteachas daoine faoi mhíchumas sa tsochaí, ar nós sa saol geilleagrach, sóisialta, cultúrtha nó polaitiúil.

b. Tírdhreach dlí agus beartais na hÉireann, agus a ábharthacht do dhaoine faoi mhíchumas.

c. Cumarsáid agus abhcóideacht chun rannpháirteachas daoine faoi mhíchumas sa tsochaí a chur chun cinn.

d. Bailiú agus úsáid sonraí chun tacú le monatóireacht ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas in Éirinn.

e. Eolas ar an gCoinbhinsiún ar Chearta Daoine atá faoi Mhíchumas agus ar chóras na Náisiún Aontaithe a bhaineann leis an gCoinbhinsiún.

f. Trasnachas sna forais sna hAchtanna Comhionannais (inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, gnéaschlaonadh, cine, reiligiún agus comhaltas den Lucht Siúil), agus eispéireas na bochtaineachta.

g. Ionadaíocht ar ghuthanna/dearcthaí faoi ghannionadaíocht i dtírdhreach chearta na ndaoine faoi mhíchumas.

## Modhanna oibre

Soláthróidh an Coimisiún acmhainní agus leasóidh sé nósanna imeachta chun freastal réasúnta a dhéanamh de réir mar a shainaithníonn comhaltaí an Choiste faoi mhíchumas iad chun a rannpháirtíocht a mhéadú a mhéid is féidir.

Féadfaidh an Coiste Comhairleach teacht le chéile go fíorúil, agus féadfaidh comhalta ar bith a bheith rannpháirteach go fíorúil i gcruinniú a reáchtáiltear go hiomlán nó go páirteach ag baint úsáid as teicneolaíocht chúnta. Eiseofar cáipéisí cruinnithe roimh na cruinnithe. Ceanglaítear ar na comhaltaí na cáipéisí sin a athbhreithniú roimh ré, agus freastal ar an gcruinniú iomlán. Déantar freastal réasúnta chun a chinntiú go bhfuil na comhaltaí in ann rochtain a fháil ar na hábhair cruinnithe ar fad agus in ann páirt iomlán a ghlacadh sna cruinnithe.

## Tiomantas Ama agus Luach Saothair

Tháinig an Coiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais le chéile sé huaire in aghaidh na bliana ar an meán ón tráth ar bunaíodh é.

Tabharfar luach saothair do chomhaltaí an Choiste as costais réasúnacha, de réir mar a chomhaontóidh an Coimisiún.

Féadfaidh comhaltaí an Choiste Chomhairligh nach bhfuil tuarastal poiblí á fháil acu uas-stipinn bhliantúil €1,200 as freastal ar shé chruinniú a fháil ón gCoimisiún mar aitheantas ar luach a rannpháirtíochta.

## An chaoi le léiriú spéise a dhéanamh

Chun a léiriú go bhfuil spéis agat a bheith mar dhuine de chomhaltaí an Choiste,

- seol **Curriculum Vitae nó Ráiteas ar Oideachas agus Taithí** atá cothrom le dáta agus gearr (dhá leathanach A4 ar a mhéad má tá clómhéid 12 in úsáid, clómhéid nach lú ná 10) agus
- **litir chlúdaigh** tacaíochta (500 focal ar a mhéad, clómhéid nach lú ná 10).
  Ba cheart go leagfaí amach i do litir chlúdaigh an fáth ar spéis leat a bheith ar an gCoiste agus go léireofaí an chaoi a gcomhlíonann tú na **Riachtanais maidir le Ballraíocht** thuasluaite. Is féidir leat é sin a dhéanamh trí shamplaí a thabhairt ó aon ghné de do shaol a cheapann tú is ábhartha do na riachtanais. Moltar duit samplaí a tharla le déanaí a thabhairt, cinn a tharla le dhá nó trí bliana anuas más féidir.
- **Foirm Dhearbhaithe**
  Mar a luadh sna **Riachtanais maidir le Ballraíocht**, ní mór gur daoine faoi mhíchumas iad 75%, ar a laghad, de chomhaltaí seachtracha an Choiste Chomhairligh, is é sin deichniúr comhaltaí.  Má roghnaíonn tú thú féin a chur in aithne mar dhuine faoi mhíchumas sa phróiseas ceapacháin seo, sínigh an Fhoirm Dhearbhaithe agus cuir an dáta léi, agus cuir chugainn í in éineacht le do Curriculum Vitae/ráiteas ar oideachas agus taithí agus an litir chlúdaigh tacaíochta. Ní bhainfear úsáid as an bhfaisnéis sin ach chun críche an phróisis roghnúcháin seo.

I gcomhréir leis na ceanglais um chosaint sonraí, scriosfar faisnéis phearsanta gach iarratasóra nár éirigh leo nuair atá an próiseas roghnúcháin críochnaithe.

Is féidir léiriú spéise a chur in iúl trí do Curriculum Vitae/Ráiteas ar Oideachas agus Taithí, do litir chlúdaigh agus d'Fhoirm Dhearbhaithe (nuair is cuí) a chur chuig ihrec@osborne.ie.  De rogha air sin, is féidir leat an fhaisnéis choibhéiseach a chur isteach i bhformáid eile téacs, fuaime nó físe. Is féidir iarratas a dhéanamh i nGaeilge, i mBéarla, nó i dTeanga Chomharthaíochta na hÉireann.

Beidh freastal réasúnta ar fáil chun inrochtaineacht an phróisis seo a chinntiú. Má theastaíonn aon fhreastal réasúnta uait agus/nó má theastaíonn an cháipéis seo i bhformáid inrochtana eile uait, seol ríomhphost chuig ihrec@osborne.ie.

Bainisteoidh Osborne Recruitment gach gné den phróiseas roghnúcháin seo thar ceann an Choimisiúin. Níor cheart aon fhiosrúcháin ná canbhasáil a dhéanamh go díreach le comhaltaí an Choimisiúin, baill foirne an Choimisiúin ná comhaltaí reatha Choiste Comhairleach an Choimisiúin ar Ghnóthaí Míchumais.

## Modh Roghnúcháin

Déanfaidh painéal a cheapfaidh an Coimisiún do léiriú spéise a mheas in aghaidh na **Riachtanas maidir le Ballraíocht**, mar atá léirithe san fhaisnéis i do Curriculum Vitae/Ráiteas ar Oideachas agus Taithí (dhá leathanach A4 ar a mhéad má tá clómhéid 12 in úsáid, clómhéid nach lú ná 10) agus i do litir chlúdaigh tacaíochta (500 focal ar a mhéad, clómhéid nach lú ná 10). Comhaontóidh an painéal ar ghearrliosta d'iarratasóirí le haghaidh cruinniú neamhfhoirmiúil.

Tabharfar cuireadh d'iarratasóirí ar an ngearrliosta teacht chuig cruinniú neamhfhoirmiúil. Reáchtálfar na cruinnithe in oifig an Choimisiúin i mBaile Átha Cliath nó ar líne, agus pléifimid aon fhreastal réasúnta leat roimh ré, nuair is gá. Tugtar ar d'aird nach n-íocann an Coimisiún as speansais taistil do dhaoine a fhreastalaíonn ar an gcruinniú neamhfhoirmiúil (seachas sa chás go mbaineann siad le freastal réasúnta). Sa chás nach bhfuil iarratasóir in ann freastal ar chruinniú neamhfhoirmiúil ar dháta socraithe, ní thairgfear dáta eile ach amháin faoi rogha an phainéil.

Cuirfear in iúl d'iarratasóirí a dtabharfar cuireadh dóibh chuig cruinniú neamhfhoirmiúil cé a bheidh ar an bpainéal roimh an gcruinniú.

Ag an gcruinniú, cuirfidh an painéal ceisteanna ort faoin taithí agus saineolais atá agat agus cuirfidh siad ceisteanna ar leith ort chun a chinntiú go gcomhlíonann tú na riachtanais maidir le ballraíocht ar an gCoiste Comhairleach ar Ghnóthaí Míchumais.

Molfaidh an painéal ansin liosta de chomhaltaí an Choiste Chomhairligh ar Ghnóthaí Míchumais don Choimisiún lena bhreithniú. Cuirfear na hiarratasóirí ar an eolas faoi thoradh an phróisis, in am trátha.

**Na Príomhdhátaí**

**Spriocdháta an Iarratais:** Tugtar ar d'aird nach nglacfar le hiarratais tar éis **Déardaoin, 19 Meitheamh 2025 ag a 1.00 i.n.** Ní bhreithneofar aon CV, litir chlúdaigh ná dearbhú a gheofar i ndiaidh an ama sin ar an spriocdháta.

Eiseofar admháil trí ríomhphost nó i bhformáid eile más fearr leat é sin le haghaidh gach léirithe spéise a fhaightear. Mura bhfaigheann tú admháil ar d'iarratas laistigh de dhá lá oibre tar éis é a chur isteach, téigh i dteagmháil le Osborne Recruitment ar ihrec@osborne.ie nó 01-6384400 chun a chinntiú go bhfuarthas d'iarratas.

**Dátaí na gCruinnithe Neamhfhoirmiúla:** Meastar go mbeidh na cruinnithe neamhfhoirmiúla ar siúl **Déardaoin agus Dé hAoine, 17–18 Iúil**. Ba cheart d'iarrthóirí a bheith ar fáil ar an dáta/na dátaí a shonraíonn IHREC agus ba cheart dóibh a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála ar a bhfoirm iarratais cruinn ceart.

## Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014, caithfear le hiarratais go hiomlán faoi rún.

## Comhdheiseanna

Ag IHREC, is é an cuspóir atá againn cearta an duine agus an comhionannas in Éirinn a chosaint agus a chur chun cinn agus cultúr ina bhfuil meas ar chearta an duine, ar an gcomhionannas agus ar thuiscint idirchultúrtha a spreagadh sa Stát. Mar chomhlacht poiblí, tá sé de fhreagracht orainn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna ár bhfostaithe, ár gcustaiméirí, lucht úsáidte a seirbhísí agus gach duine a dtéann ár

gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu a chosaint. Spreagaimid go háirithe, mar sin, iarratais ó iarrthóirí ar dóigh bhfuil siad faoi ghannionadaíocht i measc ár lucht saothair faoi láthair. Áirítear orthu sin daoine ó chúlraí Gorma, Áiseacha agus mionlaigh eitnigh, an Lucht Siúil, daoine faoi mhíchumas, daoine LADTAIÉ+ agus iad siúd ag a bhfuil taithí saoil ar an gcóras dlí choiriúil. Cuirfear freastal réasúnta ar fáil, má theastaíonn sé, i rith an phróisis seo. Chun freastal réasúnta a phlé agus a iarraidh faoi rún, téigh i dteagmháil le accessihrec@osborne.ie

## Aiseolas

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún an próiseas seo a dhéanamh chomh hinrochtana agus chomh hionchuimsitheach agus is féidir. Fáiltímid roimh aiseolas ar an bpróiseas ionas gur féidir linn a bheith de shíor ag feabhsú. Má theastaíonn uait aiseolas a thabhairt ar an bpróiseas seo, is féidir leat é sin a chur i scríbhinn chuig ihrec@osborne.ie

Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas
Irish Human Rights and Equality Commission

Coimisiún na hÉireann um Chearta
an Duine agus Comhionannas.
16–22 Sráid na Faiche,
Baile Átha Cliath, D07 CR20
16–22 Green Street,
Dublin, D07 CR20

Guthán +353 (0) 1 858 3000
Ríomhphost info@ihrec.ie
Idirlíon www.ihrec.ie

@_ihrec

/irishhumanrightsequality